RIALACHÁIN

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2023/1686 ÓN gCOIMISIÚN

an 30 Meitheamh 2023

lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1698 a mhéid a bhaineann le ceanglais áirithe nós imeachta maidir le húdaráis rialaithe agus comhlachtaí rialaithe atá inniúil chun rialuithe a dhéanamh ar oibreoirí agus ar ghrúpaí oibreoirí arna ndeimhniú mar oibreoirí orgánacha a aithint agus ar tháirgí orgánacha i dtríú tíortha agus le ceanglais áirithe maidir lena maoirseacht

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 46(7) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Forlíontar le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1698 ón gCoimisiún ([2]) Rialachán (AE) 2018/848 le ceanglais nós imeachta maidir le húdaráis rialaithe agus comhlachtaí rialaithe a aithint atá inniúil chun rialuithe a dhéanamh ar oibreoirí agus ar ghrúpaí oibreoirí arna ndeimhniú mar oibreoirí orgánacha agus ar tháirgí orgánacha i dtríú tíortha agus le rialacha maidir lena maoirseacht agus na rialuithe agus na gníomhaíochtaí eile atá le déanamh ag na húdaráis rialaithe agus na comhlachtaí rialaithe sin.

(2) Is éard atá in iarratas ó údaráis rialaithe agus ó chomhlachtaí rialaithe ar aitheantas i gcomhréir le hAirteagal 46(1) de Rialachán (AE) 2018/848 (córas comhlíonta) sainchomhad teicniúil. De bhun Airteagal 1(2), pointe (i), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1698, ní mór, i measc rudaí eile, cóip den tuarascáil mheasúnaithe is déanaí arna dréachtú ag an gcomhlacht creidiúnaithe nó, de réir mar is iomchuí, ag an údarás inniúil a bheith sa sainchomhad teicniúil sin, lena n-áirítear tuarascáil iniúchóireachta finné ar iniúchadh finné a rinneadh laistigh de 2 bhliain roimh an iarraidh ar aitheantas a thíolacadh.

(3) De bhun Airteagal 57(1) de Rialachán (AE) 2018/848, rachaidh an t-aitheantas arna dheonú d'údaráis rialaithe agus do chomhlachtaí rialaithe faoi Airteagal 33(3) de Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle ([3]) (córas coibhéise) in éag an 31 Nollaig 2024. De bhun phointe 3(a) de Chuid B d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1698, i gcás na n-údarás rialaithe nó na gcomhlachtaí rialaithe sin, ní mór na tuarascálacha iniúchóireachta finné atá le cur isteach lena n-iarraidh ar aitheantas faoin gcóras comhlíonta a bheith mar thoradh ar iniúchtaí finné a rinne an comhlacht creidiúnaithe nó an t-údarás inniúil le linn an 2 bhliain roimh an iarraidh ar preceding the submission of the request aitheantas a thíolacadh chun críche a n-aitheantais faoi Rialachán (CE) Uimh 834/2007.

(4) Bhí tionchar diúltach ag bearta náisiúnta i dtríú tíortha a rinneadh de dheasca phaindéim COVID-19 ar chumas na gcomhlachtaí creidiúnaithe agus na n-údarás inniúil iniúchtaí finné a sceidealú agus a dhéanamh chun údaráis rialaithe agus comhlachtaí rialaithe a aithint faoin gcóras comhlíonta. Chun trasdul rianúil ón gcóras coibhéise go dtí an córas comhlíonta a áirithiú agus chun rioscaí a bhaineann le suaitheadh trádála a sheachaint, i gcás iarrataí ar

([1]) IO L 150, 14.6.2018, lch. 1.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1698 ón gCoimisiún an 13 Iúil 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le ceanglais nós imeachta maidir le húdaráis rialaithe agus comhlachtaí rialaithe atá inniúil chun rialuithe a dhéanamh ar oibreoirí agus ar ghrúpaí oibreoirí arna ndeimhniú mar oibreoirí orgánacha a aithint agus ar tháirgí orgánacha i dtríú tíortha agus le rialacha maidir lena maoirseacht agus na rialuithe agus na gníomhaíochtaí eile atá le déanamh ag na húdaráis rialaithe agus na comhlachtaí rialaithe sin (IO L 336, 23.9.2021, lch. 7).

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle an 28 Meitheamh 2007 maidir le táirgeacht orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 2092/91 (IO L 189, 20.7.2007, lch. 1).

aitheantas arna dtíolacadh roimh dhul in éag na hidirthréimhse dá bhforáiltear in Airteagal 57(1) de Rialachán (AE) 2018/848, ba cheart síneadh a chur le tréimhse bailíochta na n-iniúchtaí finné dá dtagraítear in Airteagal 1(2), pointe (i) agus i bPointe 3(a) de Chuid B d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1698.

(5) Chun go mbeidh an Coimisiún in ann a ghníomhaíochtaí maoirseachta a dhéanamh go héifeachtach de bhun Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1698, is gá d'údaráis rialaithe agus comhlachtaí rialaithe a aithnítear i gcomhréir le hAirteagal 46(1) de Rialachán (AE) 2018/848 oibriú agus do chomhlachtaí creidiúnaithe nó d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh orthu ar bhonn a bhfeidhmíochta faoin gcóras comhlíonta. Dá bhrí sin, laistigh de 2 bhliain ó tugadh an t-aitheantas tosaigh d'údaráis rialaithe agus do chomhlachtaí rialaithe i gcomhréir le hAirteagal 46(1) de Rialachán (AE) 2018/848 nó den leathnú a rinneadh ar raon feidhme an aitheantais chuig catagóir breise táirgí i gcomhréir le hAirteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1698, ba cheart a áirithiú go gcuirfidh na húdaráis rialaithe agus na comhlachtaí rialaithe tuarascáil nua iniúchóireachta finné ar iniúchadh nua finné a rinneadh maidir le gach ceann de na catagóirí táirgí ar tugadh aitheantas dóibh ina leith faoi bhráid an Choimisiúin. Ina theannta sin, ba cheart an nós imeachta chun na tuarascálacha nua iniúchóireachta finné sin a thíolacadh a shonrú.

(6) Chun tús na tréimhse idir dhá iniúchadh finné dá dtagraítear in Airteagal 3(4), pointe (a), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1698 a shoiléiriú, ba cheart an chéad tréimhse 4 bliana a thosú ar an dáta a rinneadh na chéad iniúchtaí finné tar éis aitheantais, nó chun raon feidhme an aitheantais a leathnú chuig catagóir breise táirgí.

(7) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1698 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1698 mar a leanas:

(1) in Airteagal 1(2), pointe (i), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

'cóip den tuarascáil mheasúnaithe is déanaí dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 46(4) de Rialachán (AE) 2018/848 tarraingthe suas ag an gcomhlacht creidiúnaithe nó, de réir mar is iomchuí, ag an údarás inniúil, ina mbeidh an fhaisnéis dá dtagraítear i gCuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, lena n-áirítear tuarascáil iniúchóireachta finné ar iniúchadh finné a dhéantar laistigh de 2 bhliain roimh chur isteach an iarrata ar aitheantas. De mhaolú air sin, i gcás iarrataí ar aitheantas arna dtíolacadh roimh an 31 Nollaig 2024, féadfaidh an tuarascáil iniúchóireachta finné a bheith ar iniúchadh finné a dhéanfar laistigh de 3 bliana roimh an iarraidh ar aitheantas a thíolacadh. Tabharfar na ráthaíochtaí seo a leanas sa tuarascáil mheasúnaithe:';

(2) Leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(a) cuirtear isteach mír 3a nua:

'3a. Laistigh de 2 bhliain ón aitheantas tosaigh nó ón leathnú ar raon feidhme an aitheantais chuig catagóir nua táirgí i gcomhréir le hAirteagal 2, soláthróidh an t-údarás rialaithe nó an comhlacht rialaithe tuarascáil nua iniúchóireachta finné ar iniúchadh nua finné a rinneadh i gcomhréir le Ranna 1 agus 2 de Chuid B d'Iarscríbhinn I le haghaidh na gcatagóirí táirgí ar tugadh aitheantas dó ina leith nó ar leathnaíodh raon feidhme an aitheantais ina leith.';

(b) i mír 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) tosaigh nó an leathnaithe tosaigh ar an raon feidhme chuig catagóir nua táirgí;'; ní rachaidh an tréimhse idir dhá iniúchadh finné thar 4 bliana, ag tosú ó dháta an chéad iniúchta finné arna dhéanamh tar éis an aitheantais

(3) in Airteagal 19, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Tar éis a aitheantais, tabharfaidh an t-údarás rialaithe nó an comhlacht rialaithe fógra don Choimisiún in am trátha, agus tráth nach déanaí ná laistigh de 30 lá féilire, faoi athruithe a tháinig ar ábhar a shainchomhaid theicniúil, lena n-áirítear na tuarascálacha nua iniúchóireachta finné dá dtagraítear in Airteagal 3(3a).';

(4) i gCuid B d'Iarscríbhinn I, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 3(a):

'(a) rialaithe aitheantas lena aghaidh i gcomhréir le hAirteagal 46 de Rialachán (AE) 2018/848; agus'. le linn na 3 bliana dheireanacha ag a gcomhlacht creidiúnaithe nó a n-údarás inniúil chun críoch a n-aitheantais faoi Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 le haghaidh gach catagóire táirgí a n-iarrann an t-údarás rialaithe nó an comhlacht

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an 3ú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Meitheamh 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN